Tionscadal Údarás Craolacháin na hÉireann um Bailiú Sonraí i leith na Gaeilge

1. Réamhrá

Cuireadh tús leis an Tionscadal um Bailiú Sonraí i leith na Gaeilge chun bunaidhm Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge BAI, plean a seoladh in Eanáir 2019, a chur i gcrích. Tá sé indéanta an Plean féin a thabhairt chun críche faoi aidhm straitéiseach BAI chun "*tírdhreach do na meáin a chothú a léiríonn éagsúlacht shochaí na hÉireann agus a bhfuil rochtain ag gach aon duine air*." Aithníonn an Plean an gá atá le forbairt cláir Gaeilge den scoth a chur chun cinn in earnáil closamhairc na hÉireann, agus déanann sé tagairt do na cúig phointe shuntasacha seo a leanas:

- Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge agus iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thograí Ceadúnaithe agus Cistí Craolacháin;
- Comhpháirtíochtaí Gaeilge a spreagadh;
- Tacú le taighde;
- Sonraí a bhailiú;
- Próisis fhreagrachta a fheabhsú, monatóireacht agus tuairisciú um chomhlíonadh san áireamh

Maidir le bailiú sonraí, leagann an plean amach gealltanas chun "*tuiscint chuimsitheach a fháil ar an soláthar clár Gaeilge san earnáil chraolacháin.*" Ós rud é gur féidir le monatóireacht chomhlíontachta a chinntiú an bhfuil stáisiúin aonair ag comhlíonadh a ngealltanais conartha, na gealltanais a bhfuil baint acu le cláir Ghaeilge san áireamh, cheap BAI go raibh sé in am chuí dóibh beart maidir le bailiú sonraí a chur i bhfeidhm san earnáil teilifíse agus raidió trí chéile chun pictiúr soiléir a fháil de réimse agus de chineál na gclár atá ar fáil as Gaeilge do luchtanna féachana in Éirinn. Díríonn An Tionscadal um Bailiú Sonraí ar chláir Ghaeilge agus ar chláir dhátheangacha amháin agus mar sin fágann sé gur féidir anailís níos doimhne a dhéanamh ar ábhar clár.

Scríobh BAI chuig Craoltóirí Teilifíse agus Raidió, Soláthraithe Seirbhísí Poiblí, agus Conraitheoirí Tráchtála, Pobail agus Sealadacha ag iarraidh taifeadtaí agus sonraí maidir le haschur cláir as Gaeilge agus/nó Cláir Dhátheangacha a craoladh ar agus idir na dátaí seo a leanas:

Dé Luain 7 Deireadh Fómhair - Dé Domhnaigh 13 Deireadh Fómhar 2019

Tá liosta de na stáisiún a bhí rannpháirteach curtha ar fáil in *Aguisín 1* a ghabhann leis an tuairisc seo. Tugadh le fios do na stáisiúin go raibh sonraí á lorg le haghaidh cuspóirí faisnéise in ionad cuspóirí comhlíontachta agus go n-úsáidfeadh BAI an faisnéis ionas forléargas cruinn, cuimsitheach reatha de chainníocht, fiúntais, réimse agus saghas chláir san aschur agus sa soláthar Gaeilge / dátheangach laistigh den earnáil craolacháin a chur ar fáil. Ní ainmnítear craoltóirí aonair sa tuairisc ach déantar tagairt le céile dóibh de réir saghas craoltóra, i.e. seirbhíse poiblí, tráchtála, pobal, náisiúnta, áitiúl, réigiúnach, srl. Ba chóir go mbeadh sonraí na tuairisce mar ábhar shuime don earnáil iomlán agus go gcuirfidh sé ar fáil, faisnéis áisiúil ar rathúlacht chomh maith le dúshláin i soláthair chláir sa Ghaeilge. Táthar ag súil leis go mbailítear sonraí chláir Ghaeilge sa chaoi seo go bliantúil ionas comparáid bliain ar bhliain agus anailís treochtaí a dhéanamh.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh gnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla ag baint leis An Tionscadal um Bailiú Sonraí i leith na Gaeilge. Thug stáisiúin sonraí de gach clár sa Ghaeilge nó clár dátheangach a craoladh i rith na seachtaine áirithe, ag cur ar fáil ainm an chláir chomh maith le sonraí breise bunaithe ar liosta anuas (m.sh. seánra, leibhéal teanga, sprioclucht, fad, am-craolta buaice nó seachbhuaice**,** clár athchraolta nó neamh-athchraolta**.)** Tá liosta iomlán de Shonraí Chláir a iarradh ó Chraoltóirí le fáil in *Aguisín 2* chomh maith le roghanna liosta anuas a bhaineann leo.

I gcás craoltóirí uile nach craoltóirí Ghaeilge iad, cuireadh taifeadtaí faoi bhráid BAI freisin i leith na seachtaine áirithe. Rinneadh cros-sheiceáil orthu in aghaidh sonraí scairbhileoige chun iad a áirithiú agus chun bheith deimhin de go raibh ábhar chláir mar an gcéanna le sonraí chláir. Go ginearálta fuarthas gurab amhlaidh a bhí.

2. Reachtaíocht Chraolacháin

Leagann An tAcht Craolacháin 2009 (Acht 2009) dualgais amach do chraoltóirí ceadúnaithe laistigh den Stáit, Craoltóirí Neamhspleácha (ceadúnaithe ag BAI) agus Craoltóirí Seirbhíse Poiblí (ceadúnaithe ag an Rialtas) araon. B'fhéidir go mbeidh sé áisiúil comhthéacs cúlra a fháil ar dhualgais maidir le Cláir Ghaeilge.

2(a) Craoltóirí Neamhspleácha

I gcás na gCraoltóirí Neamhspleácha, leagann Acht 2009 forálacha reachtúla amach maidir le cláir Ghaeilge agus cláir dhátheangacha le haghaidh conraitheoirí teilifíse agus raidió araon.

De réir Alt 66 (2) d'Acht 2009 tá sé de dhualgas ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí, bheith san airdeall, agus conradh craolacháin fuaime nó conradh seirbhíse cláir theilifíse á bhronnadh acu, maidir le:

- cainníocht, cáilíocht, réimse agus saghas chláir sa Ghaeilge agus an méid chláir a bheadh baint le cultúr Éireannach atá ar intinn a chur ar fáil (66)(2)(d), agus
- an méid a chruthóidh an t-iarratasóir deiseanna nua laistigh den tseirbhís craolacháin do thallann sa cheol, sa drámaíocht agus siamsaíocht go háirithe maidir le cultúr Éireannach (66(2)(e)).

Chomh maith leis sin éilíonn Alt 66 (3) d'Acht 2009 ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí meas speisialta a bheith acu ar leanúnachas agus dul chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha nuair a bhronntar conradh craolacháin fuaime i gceantar saincheadúnais ina bhfuil ceantar Gaeltachta.

In Alt 70(2) d'Acht 2009 éilítear ar an Údarás a dheimhniú de go mbeadh conraitheoir seirbhíse chláir teilifíse ina chláir **:**

- mothálach maidir le leas agus cúraimí an phobail uile, bheith san airdeall maidir leis an gá do thuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann, bheith cinnte go léiríonn na cláir gnéithe éagsúla a léiríonn cultúr mhuintir oileán iomlán na hÉireann, agus aird faoi leith a thaispeáint do ghnéithe a idirdhealaíonn an cultúr sin agus go háirithe an teanga Gaeilge, (70(2)(a)).

Tá catagóir eile conradh raidió agus teilifíse faoi Alt 71 (digiteach) ach níl aon dualgais maidir le cláir Ghaeilge nó dhátheangacha faoin alt seo.

Go ginearálta braitheann tiomantais stáisiúin Ghaeilge ar raon rudaí, iad seo a leanas san áireamh:

- an cineál seirbhíse atá beartaithe;
- tiomantais tugtha san iarratas; agus
- an pobal a bhfuiltear ag freastal air.

Maidir leis an méid thuas, tá sé thar a bheith tábhachtach an cineál seirbhíse a chur faoi chaibidil ós rud é go bhfuil raon mór seirbhísí ceadúnaithe ag BAI. Tá stáisiúin teilifíse agus raidió pobal agus stáisiúin thráchtála san áireamh. Eisíonn BAI ceadúnaithe do shaghasanna éagsúla seirbhísí raidió tráchtala, seirbhisí leathanfhormáide le sprioclucht de dhaoine aosaigh níos mó ná 25 bhliain d'aois, seirbhísí réigiúnach na n-óg, ag díriú orthu siúd idir 15-34 bhliain d'aois agus seirbhísí speisialta/nideoige ar leith a dhíríonn ar sheánraí áirithe ceoil, san áireamh.

Ní leagann amach BAI sainchuotaí do chláir sa Ghaeilge ar a sheirbhísí ceadúnaithe. Tá tiomantais do chláir Gaeilge san áireamh san iarratas le haghaidh deonú chonartha. Ag tabhairt na tiomantais seo chun críche le hiarratasóir ar éirigh leis san idirbheartaíocht conartha, cuireann BAI dualgais Acht Craolacháin 2009, saghas agus formáid na seirbhíse agus an sprioclucht ar a bhfuil sé dírithe san áireamh. Dá bhrí sin, mar shampla, bheimis ag súil leis go mbeadh ábhar labhartha níos ísle sa Ghaeilge ag seirbhís ceoil óige ná mar a bheadh ag seirbhís raidió leathanfhormáide. Leagtar amach na tiomantais maidir le Cláir Ghaeilge agus cláir de shaghasanna eile i Ráiteas Beartais maidir le Cláir, ar cuid é de chonradh an Chraoltóra le BAI.

2(b) Craoltóirí Seirbhíse Poiblí

I gcás Craoltóirí Seirbhíse Poiblí leagann Acht 2009 amach forálacha reachtúla maidir le Cláir Ghaeilge/Dhátheangacha do na CSP.

Leagann Alt 114 d'Acht 2009 amach príomhchuspóirí agus cumhachtaí gaolmhara RTÉ, agus ordaíonn sé an méid seo a leanas:

- Ba choir go léireodh cláir RTÉ na gnéithe éagsula go léir de chultúir mhuintir oileán iomlán na hÉireann agus go dtabharfaí aird ar leith do na heilimintí a idirdhealaíonn an cultúr sin agus go háirithe don Ghaeilge (114(2)(a).
- Ba chóir go gcuirfí ar fáil i sceidil RTÉ raon cuimsitheach de chláir i nGaeilge agus i mBéarla a léiríonn éagsúlacht cultúrtha agus a fhreastalaíonn ar ionchais an phobail go ginearálta chomh maith le grúpaí sainleasa nó mionlaigh (114(3)(a)), agus
- Ba chóir go gcuirfí ar fail cláir nuachta agus cúrsaí reatha i nGaeilge agus i mBéarla ar RTÉ (114(3)(b)).

Sa chaoi chéanna leagann Alt 118 d'Acht 2009 amach príomhchuspóirí agus cumhachtaí gaolmhara TG4 agus ordaíonn sé an méid seo a leanas:

- Ba chóir go léiríonn cláir cultúr ilghnéitheach oileáin na hÉireann agus aird ar leith a bheith acu maidir leis na Gaeltachtaí (118(2)(a)),
- Ba chóir do TG4 raon chuimsitheach chlár a chur ar fáil go mór-mhór sa Ghaeilge a léiríonn cultúr na hÉireann agus a fhreastalaíonn ar ghrúpaí sain leasa Gaeilge de gach aois (118(3)(a)), agus
- cláir nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil go príomhúil sa Ghaeilge.

Cé go bhfuil na Seirbhísí Poiblí Craolacháin féin freagrach as a gcuspóir féin a shocrú maidir le tiomantais chlár Gaeilge, athbhreithníonn BAI na cuspóirí go bliantúil, tiomantais i leith na Gaeilge san áireamh, agus tugann siad tuairisc ar chomhlíontacht na CSP in athbhreithniú Ráiteas Bliantúil um Ghealltanais Feidhmíochta na gCraoltóirí ("ASPC").

3. Anailís Sonraí

Cuireann rannóga seo a leanas na tuairisce ar fáil mionsonra ar na sonraí bailithe a rinneadh anailís orthu de réir na catagóirí faisnéise a iarradh ar na craoltóirí. Leagtar amach cairteanna agus staitisticí i Rannóg 3 agus 4 a dhéantar bunús le haghaidh nótaí tráchta eile. Leagann an rannóg seo faisnéis amach bunaithe ar anailís ar nóiméadaíocht de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha**.** I Rannóg 4 leagtar amach faisnéis bunaithe ar uimhir iomlán chláir Ghaeilge/Dhátheangacha. Le haghaidh soiléire ciallaíonn "Gaeilge" 100% Gaeilge agus ciallaíonn "dátheangach" meascán de Ghaeilge agus Béarla.

3.1 Iomlán Nóiméadaíocht Gaeilge/Dátheangach (Seirbhísí Raidió agus Teilifíse)



Noiméadaíocht Iomlán:

Teilifís	5,511[1] nóiméad	13%
Raidió	37,626[2] nóiméad	87%
Iomlán	43,136[3] nóiméad	100%

I rith seacht laethanta na tréimhse anailíse, craoladh iomlán de 43,136 nóiméad (718.93 uaire) de chláir Gaeilge/Dhátheangacha. Craoladh 87% de na cláir seo ar Raidió ag fágáil 13% mar aschur teilifíse. Sin 102.7 uair an chloig in aghaidh an lae, ar an meán, ar fud na seirbhísí go léir.

[1] 5,510.58, slánaithe go dtí an nóimead is gaire.
[2] 37,625.50, slánaithe go dtí an nóimead is gaire.
[3] 43,136.08, slánaithe go dtí an nóimead is gaire.

3.2 Anailís nóiméadaíochta : Cláir Ghaeilge vs. Cláir Dhátheangacha (Seirbhísí Raidió/Teilifíse)



Nóiméadaíocht Iomlán – Gaeilge vs. Dátheangach	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Irish/Lán-Ghaeilge	30,978	4,224	35,202
Bilingual/Dátheangach	6,648	1,287	7,935
Móriomlán	**37,626**	**5,511**	**43,136**

De na cláir a craoladh bhí 35,202 nóiméad (586.7 uaire) nó 82% den nóiméadaíocht iomlán as Gaeilge agus 7,935 nóiméad (132.25 uaire) nó 18%, Dátheangach. Léiríonn an cairt thuas an nóiméadaíocht Gaeilge/Dátheangach don Raidió/Teilifís. Ar an Raidió roinntear an nóiméadaíocht idir 82% Gaeilge in aghaidh 18% Dátheangach. Ar an teilifís roinntear an nóiméadaíocht idir 77% Gaeilge in aghaidh 23% Dátheangach.

3.3 Anailís nóiméadaíochta Laethanta na seachtaine in aghaidh na Deireadh Seachtaine (Seirbhísí Raidió agus Teilifíse)

Thar seirbhísí craolta go léir (Teilifís & Raidió) craoladh iomlán de 29,920 nóiméad (498.66 uaire nó 69%) de gach uile chláir Ghaeilge/Dhátheangacha idir an Luan agus an Aoine agus iomlán 13,216 nóiméad (220.26 uaire nó 31%) ag an deireadh seachtaine.

Iomlán Noiméadaíochta Gaeilge/Dátheangach	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Laethanta na seachtaine	26,171	3,749	**29,920**
Deireadh seachtaine	11,455	1,761	**13,216**
Móriomlán	**37,626**	**5,511**	**43,136**

Comparáidí buaice vs. seachbhuaice

Tá bealaigh éagsúla chun anailís a dhéanamh ar uaireanta buaice agus seachbhuaice féachana/éisteachta Raidió agus Teilifíse; mar sin b'fhéidir go mbeadh sé áisiúil na figiúirí a chur faoi chaibidil ó thaobh raon peirspictíochtaí, a leagtar amach i **3.3a**, **3.3b** agus **3.3c** thíos.

3.3a Nóiméadaíocht Raidió/Teilifíse bunaithe ar chatagóireacht Fuaime agus Físe buaic agus seachbhuaic

Sna léaráidí seo a leanas tagtar ar bhuaic-amanna do chláir Ghaeilge/Dhátheangacha ar an mbunús seo a leanas: Raidió 7rn - Meanoíche / Teilifís 6in - Meanoíche. Tá na háirimh seo bunaithe ar threoir fhaisnéise ó Threoirlínte S&V 3 an BAI (Rannóg 3.7 Craoladh Buaic-Am Féachana, Chláir Ghaeilge agus foirme fada), sa chás a leanann uaireanta craolacháin do Raidió agus Teilifís araon go meánoíche. Ag baint úsáid as na paraiméadair seo thar seirbhísí Teilifíse/Raidió le céile, bhí briseadh síos nóiméadaíochta laethanta na seachtaine 69% (buaic) : 31% (seachbhuaic). Bhí briseadh síos na deireadh seachtaine 77% (buaic) : 23% (seachbhuaic). Tá méid nóiméadaíochta léirithe sa chlár agus sna cairteanna thíos.

Teilifís/Raidió Nóiméadaíocht (raonta Fuaime &Físe)	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Laethanta na seachtaine	**26,171**	**3,749**	**29,920**
Buaic	19,485	1,229	20,714
Seachbhuaic	6,686	2,520	9,206
Deireadh seachtaine	**11,455**	**1,761**	**13,216**
Buaic	9,528	631	10,159
Seachbhuaic	1,928	1,130	3,058
Móriomlán	**37,626**	**5,511**	**43,136**



Thar na seirbhísí raidió go léir, craoladh iomlán de 26,171 nóiméad (436.18 uaire) de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha idir Luan agus Aoine agus iomlán de 11,455 nóiméad (190.92 uaire) ag an deireadh seachtaine. Bhí an briseadh síos do Laethanta na Seachtaine 74% (buaic) : 26% (seachbhuaic). Bhí an briseadh síos don Deireadh Seachtaine 83% (buaic) : 17% (seachbhuaic).



Thar na seirbhísí teilifíse go léir, craoladh iomlán de 3,749 nóiméad (62.48 uaire) de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha idir an Luan agus an Aoine agus iomlán 1,761 nóiméad (29.35 uaire) ag an deireadh seachtaine. Bhí an briseadh síos do Laethanta na Seachtaine 33% (buaic) : 67% (seachbhuaic). Bhi an briseadh síos don Deireadh Seachtaine 36% (buaic) : 64% (seachbhuaic). Go príomha, bhí an céatadán teilifíse níos ísle de bharr seánra na gclár a craoladh, arbh iad cláir leanaí líon mór díobh.

3.3b Dearcadh eile ar Raidió, nuair a shainmhínítear Buaic-am Éisteachta mar 07.00-19.00



B'fhéidir go bhfuil sé áisiúil, le haghaidh cuspóirí comparáide, sonraí éagsúla i leith Raidió a scrúdú, le Buaic-Uaireanta bunaithe ar chaighdeán an tionscail 7rn-7in buaic-am éisteachta. Ag baint úsáid as na paraiméadair seo, tá an scoilt ar Laethanta na Seachtaine 48% (buaic) : 52% (seachbhuaic). Tá an scoilt Deireadh Seachtaine 57% (buaic) : 43% (seachbhuaic).

Ag baint úsáid as na céatadáin eile seo, tá an nóiméadaíocht buaice / seachbhuaice beagnach cothrom i rith Laethanta na Seachtaine, le nóiméadaíocht Buaic níos láidre ag an deireadh seachtaine.

Nóiméadaíocht Raidió le Buaic-uaireanta 0700-1900	Raidió	Céatadán
Laethanta na seachtaine	**26,171**	
Buaic	12,659	48%
Seachbhuaic	13,512	52%
Deireadh Seachtaine	**11,455**	
Buaic	6,494	57%
Seachbhuaic	4,962	43%
Móriomlán	**37,626**	

3.3c Dearcadh eile ar Theilifís, nuair a eisiatar cláir Leanaí

Tá caighdeán tomhais an tionscail d'fhigiúirí lucht féachana stáisiúin theilifíse Éireannacha bunaithe ar chláir buaic-ama craolta um thráthnóna agus dírithe ar lucht féachana de Dhaoine Fásta amháin d'aois 15+. Tá seánraí de chláir sa Ghaeilge a chraoltar i rith an lae, áfach, atá sceidealaithe ag am a dhíríonn ar an lucht féachana a bheadh ag féachaint ag an am sin, cláir leanaí sa Ghaeilge a chraoltar ar sceideal na maidine mar shampla. Sa chlár agus sa chairt seo a leanas san anailís ar Bhuaic agus Seachbhuaic amanna féachana, cuirtear san áireamh uaireanta Ghaeilge craolta atá dírithe ar lucht féachana de dhaoine fásta de 15+ d'aois amháin. Eisiatar Cláir Ghaeilge dírithe ar leanaí.

Nóiméadaíocht Teilifíse, cláir Leanaí eisiata	Teilifís	Céatadán
Laethanta na seachtaine	**2,072**	
Buaic	1,169	56%
Seachbhuaic	903	44%
Deireadh seachtaine	**1,182**	
Buaic	631	53%
Seachbhuaic	551	47%
Móriomlán	**3,255**	

Leis an nóiméadaíocht ceartaithe chun lucht féachana Teilifíse ginearálta a léiriú tá sé indéanta pictiúr, buaic in aghaidh seachbhuaic, níos réalaíche a fheiceáil. Sa chás seo tá scoilt Laethanta na Seachtaine 56% (buaic) : 44% (seachbhuaic) agus tá scoilt Deireadh Seachtaine 53% (buaic : 47% (seachbhuaic).



3.4 Anailís Nóiméadaíochta: Craoltóirí Gaeilge vs. Seirbhísí Eile (Raidió/Teilifíse)





Nóiméadaíocht Iomlán	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Craoltóir Gaeilge	**25,231**	**4,837**	**30,068**
Craoltóiri Eile	**12,395**	**674**	**13,069**
Móriomlán	**37,626**	**5,511**	**43,136**

Thar seirbhísí uile craoltóireachta (Teilifís & Raidió) craoladh 70% den nóiméadaíocht iomlán ar stáisiúin Ghaeilge. Ar sheirbhísí raidió amháin craoladh 67% den nóiméadaíocht ar stáisiúin Ghaeilge, agus craoladh 88% de nóiméadaíocht Teilifíse ar stáisiúin Ghaeilge. Féach ar **Rannóg 3.8** le haghaidh grinnshonra níos mó ar chraoltóirí Ghaeilge.

3.5 Anailís nóiméadaíochta : Saghas Craoltóra (seirbhísí Teilifíse/Raidió)

NÓIMÉADAÍOCHT TEILIFÍSE



NÓIMÉADAÍOCHT RAIDIÓ



Noiméadaíocht Raidió agus Teilifíse de réir saghas craoltóra	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Tráchtála	10,284	6	10,290
Pobal	1,209	316	1,525
Pobal Sainspéise	15,360		15,360
Craoltóirí Seirbhíse Poiblí (CSP)	10,659	5,189	15,848
Sainspéise	114		114
Móriomlán	**37,626**	**5,511**	**43,136**

Craoladh formhór na gclár Gaeilge/Dhátheangach ar Theilifís ar Chraoltóirí Sheirbhísí Poiblí, ach tháinig cláir Ghaeilge/Dhátheangacha ar Raidió ó raon níos leithne de chraoltóirí, leis an tairiscint is mó ag teacht ó stáisiúin do Phobal Sainspéise.

3.6 Nóiméadaíocht Raidió de réir saghas Ceadúnais



Saghas Ceadúnais Raidió	Raidió	%
Pobal Sainspéise	9,600	26%
Pobal/Institiúideachta	1,209	3%
Áitiúil	4,007	11%
Ilchathrach	126	0.3%
Náisiúnta	270	1%
Eile	173	0.5%
CSP	10,659	28%
Réigiúnach	5,709	15%
Sainspéise	114	0.3%
Conraitheoir Soláthair Ábhar	5,760	15%
Móriomlán	**37,626**	100%

D'fhéadfadh sé a bheith áisiúil féachaint ar briseadh síos eile de nóiméadaíocht raidió thar shaghasanna ceadúnais raidió. Dé réir an chláir figiúirí seo, tagann an céatadán is mó de nóiméadaíocht Gaeilge/Dátheangach ó Stáisiún Raidió na Seirbhísí Poiblí, ina ndiaidh tá Stáisiún Pobal Sainspéise agus Conraitheoir Soláthair Ábhair[4]. Cuireann Seirbhísí Réigiúnacha agus Áitiúla céatadán mhaith de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha ar fáil freisin.

[4] Nóta: Déanann nóiméadaíocht Pobal Sainspéise agus Conraitheoir Soláthair Ábhar (le chéile) an mórfhigiúr Pobal Sainspéise de 15,360 nóiméad. An stáisiún raidió atá Conradh Soláthair Ábhar aige, craolann sé do Lucht Éisteachta Pobal Sainspéise, agus ó am go ham tá conradh sealadach craoltóireachta fuaime aige le craoladh ar FM.

3.7 Anailís Nóiméadaíochta Teilifís & Raidió de réir formáide ábhair:

Teilifís



Formáid Ábhair	Nóiméadaíocht Teilifíse	Móriomlán %
Ábhar Pobail	316	5.7%
Ginearálta	6	0.1%
Seirbhís Phoiblí	352	6.4%
Seirbhís Phoiblí - Gaeilge	4,837	87.8%
Móriomlán	**5,511**	**100%**

Ag dearcadh ar Shonraí Teilifíse de réir formáide ábhair tá sé sofheicthe (agus ní haon ionadh é) gur craoladh an chuid is mó de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha (87.8%) ag an gCraoltóir Seirbhíse Poiblí Gaeilge. Chraol stáisiúin CSP eile 6.4% d'ábhar Gaeilge/Dátheangach agus ina dhiaidh chraol Stáisiúin Ábhair Pobail 5.7%. Ba chóir nóta a dhéanamh de nár cuireadh spórt san áireamh mar Fhormáid Ábhair le haghaidh an anailís iomlán. Cé go n-eisíonn BAI ceadúnais do líon bealaigh spóirt atá lonnaithe anseo in Éirinn, is conraitheoirí Alt 71 iad agus níl ceanglais i leith na Gaeilge le comhlíonadh acu de réir a gconarthaí.

Raidió



Formáid Ábhair	Nóiméadaíocht Raidió	Iomlán %
Ábhar Pobail	1,323	3.5%
Pobal Sainspéise – Gaeilge	9,060	24.1%
Pobal Sainspéise – Reiligiúnach	60	0.2%
Pobal Sainspéise – Mic Léinn	480	1.3%
Ábhar Ceoil	437	1.2%
Ábhar Ceoil - Ceol Nideoige	320	0.9%
Ábhar Ceoil Óige	6,327	16.8%
Ábhar Ceoil Óige - Gaeilge	5,760	15.3%
Seirbhís Phoiblí	248	0.7%
Seirbhís Phoiblí - Gaeilge	10,411	27.7%
Ábhar Cainte	120	0.3%
Formáid Leathan	2,937	7.8%
Críostaíocht Reiligiúnach	143	0.4%
Móriomlán	**37,626**	**100%**

Tá raon leathan formáide ábhair ar Raidió, Ábhar Cainte agus Ábhar Ceoil san áireamh. Tá Formáid Leathan na Stáisiún Áitiúil bunaithe ar Chaint den chuid is mó, le cóimheas ginearálta 60% Ábhar Cainte : 40% Ábhair Ceoil. Ar bhonn aonair is é soláthar Seirbhíse Poiblí (Gaeilge) a chuireann an céatadán is mó de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha ar fáil. Curtha le céile, áfach, craolann Seirbhísí Raidió Ceoil iomlán de 12,844 nóiméad, nó 34.2% de na cláir Ghaeilge/Dhátheangacha go léir. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbíonn méid beag cainte i gcláir cheoil go ginearálta, le traicéanna ceoil mar phríomhábhar acu.

3.8 Formáid Ábhair Raidió/Teilifíse: Craoltóir Gaeilge vs. Craoltóiri Eile



Tá níos mó sonraí ar Chraoltóirí Gaeilge le fáil sa chairt agus sa chlár thíos a léiríonn formáid ábhair thar Raidió agus Teilifís. Tóg faoi deara na mírlínte a léiríonn Craoltóirí Gaeilge agus feictear go dtagann 69.7% de Chláir Ghaeilge/Dhátheangacha ó na craoltóiri seo. Craoladh an céatadán is mó (35.3%) le Craoltóirí Seirbhíse Poiblí (Gaeilge) agus ina ndiaidh bhí Pobal Sainspéise (Gaeilge) le 21% agus Ceol Óige (Gaeilge) le 13.4%. De na Craoltóirí Eile tagann na céatadáin is mó ó Cheol Óige (14.7%) agus Formáid Leathan (6.8%).

Craoltóir	Nóiméadaíocht Iomlán	Iomlán %
Craoltóir Gaeilge	**30,068**	**69.7%**
Pobal Sainspéise - Gaeilge	9,060	21.0%
Ceol Óige - Gaeilge	5,760	13.4%
Seirbhís Phoiblí - Gaeilge	15,248	35.3%
Eile	**13,069**	**30.3%**
Críostaíocht Reiligiúnach	143	0.3%
Formáid Leathan	2,937	6.8%
Pobal	1,639	3.8%
Pobal Sainspéise-Reiligiúnach	60	0.1%
Pobal Sainspéise-Mic Léinn	480	1.1%
Ginearálta	6	0.01%
Ceol	437	1.0%
Ceol-Ceol Nideoige	320	0.7%
Ceol Óige	6,327	14.7%
Seirbhís Phoiblí	600	1.4%
Caint	120	0.3%
Móriomlán	**43,136**	**100.0%**

Taispeánann na cairteanna agus an clár thíos sonraí nóiméadaíochta do Theilifís agus Raidió ar leithligh.





Craoltóir	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Craoltóir Gaeilge	**25,231**	**4,837**	**30,068**
Pobal Sainspéise-Gaeilge	9,060		9,060
Ceol Óige - Gaeilge	5,760		5,760
Seirbhís Poiblí - Gaeilge	10,411	4,837	15,248
Eile	**12,395**	**674**	**13,069**
Críostaíocht Reiligiúnach	143		143
Formáid Leathan	2,937		2,937
Pobal	1,323	316	1,639
Pobal Sainspéise-Reiligiúnach	60		60
Pobal Sainspéise-Mic Léinn	480		480
Ginearálta		6	6
Ceol	437		437
Ceol -Ceol Nideoige	320		320
Ceol Óige	6,327		6,327
Seirbhís Phoiblí	248	352	600
Caint	120		120
Móriomlán	**37,626**	**5,511**	**43,136**

Roinn 4

Sa roinn seo leagtar amach faisnéis agus anailís ar an líon iomlán de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha.

4.1 Líon Iomlán na gclár: Gaeilge / Dátheangach (Seirbhísí Raidió & Teilifíse)



Móriomlán na gClár	
Raidió	736
Teilifís	339
Móriomlán	**1,075**

Ba é 1,075 clár an líon iomlán a craoladh thar seirbhisí Raidió agus Teilifíse le 736 (68%) craolta ar Raidió agus 339 (32%) craolta ar Theilifís.

4.2 Líon iomlán na gclár : Gaeilge vs. Dátheangach (Seirbhísí Raidió agus Teilifíse)

As 1,075 clár a craoladh, bhí 854 (79%) as Gaeilge agus 221 (21%) Dátheangach. As 736 clár Raidió, bhí 545 (74%) as Gaeilge agus 191 (26%) Dátheangach. As 339 clár Teilifíse bhí 309 (91%) as Gaeilge agus 30 (9%) Dátheangach. Féin-tuairisceoireacht ag na craoltóirí, i leith chatagóireacht na teanga a bhí i gceist anseo; i gcás na gcraoltóirí nach craoltóirí Gaeilge iad rinne foireann BAI cros-seiceáil ar an ábhar a cuireadh faoina bhráid ionas an catagóiriú a dheimhniú. Níor iarradh ar chraoltóirí Gaeilge taifeadtaí clár a chur isteach mar gheall ar an méid ollmhór d'ábhar a bheadh i gceist.

Líon na gclár - Gaeilge vs. Dátheangach	Raidió	Teilifis	Móriomlán
Bilingual/Dátheangach	191	30	221
Irish/Lán-Ghaeilge	545	309	854
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**



4.3 Anailís cláir Laethanta na Seachtaine vs. na Deireadh Seachtaine (Seirbhísí Raidió & Teilifíse)

Thar seirbhísí craolta uile (Teilifís & Raidió) craoladh iomlán de 793 clár Gaeilge/Dátheangach (74%) ó Luan go hAoine agus iomlán de 282 clár (26%) ag an deireadh seachtaine.

Iomlán Clár Gaeilge/Dátheangach	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Laethanta na Seachtaine	542	251	**793**
Deireadh Seachtaine	194	88	**282**
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Comparáidí Buaice vs. Seachbhuaice

Mar a dúradh cheana, tá modhanna éagsúla inar féidir anailís a dhéanamh ar fhigiúirí buaice/seachbhuaice agus ba chóir smaoineamh ar raon peirspictíochtaí (féach **Rannóg 4.3a, 4.3b** agus **4.3c** thíos).

4.3a Cláir Raidió/Teilifíse bunaithe ar chatagóireacht Fuaime & Físe buaic/seachbhuaic

Sa léiriú seo a leanas ríomhtar buaic-amanna do chláir Ghaeilge/Dhátheangacha sa chaoi seo a leanas: Raidió 7rn – Meánoíche / Teilifís 6in – Meanoíche. Tá na háirimh seo bunaithe ar threoir fhaisnéise ó Threoirlínte S&V 3 an BAI (Rannóg 3.7 Craoladh Buaic-Am Féachana, Chláir Ghaeilge agus foirme fada), sa chás a leanann buaic-uaireanta craolacháin do Raidió agus Teilifís araon go meánoíche. Ag baint úsáid as na paraiméadair seo thar seirbhísí Raidió / Teilifíse le céile bhí an briseadh síos do Laethanta na Seachtaine 58% (buaic) : 42% (seachbhuaic). Bhí an briseadh síos don Deireadh Seachtaine 59% (buaic) : 41% (seachbhuaic). Tá líon na gclár léirithe sa chlár agus sna cairteanna thíos.

Iomlán clár Gaeilge/Dátheangach	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Laethanta na Seachtaine	**542**	**251**	**793**
Buaic	416	40	456
Seachbhuaic	126	211	337
Deireadh Seachtaine	**194**	**88**	**282**
Buaic	148	17	165
Seachbhuaic	46	71	117
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Thar seirbhísí raidió go léir craoladh iomlán de 542 clár Gaeilge/Dátheangach ó Luan go hAoine agus iomlán de 194 clár ag an deireadh seachtaine. Do Laethanta na Seachtaine bhí an briseadh síos 77% (buaic) : 23% (seachbhuaic). Don Deireadh Seachtaine bhí an briseadh síos 76% (buaic) : 24% (seachbhuaic).



Thar seirbhísí teilifíse go léir craoladh iomlán de 251 clár Gaeilge/Dátheangach ó Luan go hAoine agus craoladh iomlán de 88 clár ag an deireadh seachtaine. Bhí an briseadh síos do Laethanta na Seachtaine 16% (buaic) : 84% (seachbhuaic). Bhí an briseadh síos don Deireadh Seachtaine 19% (buaic) : 81% (seachbhuaic). Mar a dúradh roimhe seo is de thoradh an mhéid mhóir de chlár Leanaí atá an céatadán teilifíse níos ísle.



4.3b Dearcadh eile ar Raidió, nuair a shainmhínítear Buaic-am Éisteachta mar 07.00-19.00



Arís le haghaidh cuspóirí comparáide d'fheadfadh sé a bheith áisiúil, féachaint ar shonraí eile don Raidió ina sainmhínítear Buaic-uaireanta mar 07.00-19.00. Ag baint úsáid as na paraiméadair seo léiríonn figiúirí Laethanta na Seachtaine gur craoladh 302 Clár Gaeilge/Dátheangach (56%) ag buaic-uaireanta agus 240 clár (44%) ag uaireanta seachbhuaice. Ag an Deireadh Seachtaine, craoladh 109 Clár Gaeilge/Dátheangach (56%) ag uaireanta buaice agus 85 clár (44%) ag uaireanta seachbhuaice.

Ag baint úsáid as na céatadáin eile seo mar phointí thagartha léiríonn anailís go bhfuil cuid réasúnta níos mó de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha á craoladh ag buaic-amanna éisteachta, ar Laethanta na Seachtaine agus ag an Deireadh Seachtaine araon.

Buaic-uaireanta 07.00-19.00	**Líon na gClár Raidió**	**Céatadán**
Laethanta na Seachtaine	**542**	
Buaic	302	56%
Seachbhuaic	240	44%
Deireadh Seachtaine	**194**	
Buaic	109	56%
Seachbhuaic	85	44%
Móriomlán	**736**	

4.3c Dearcadh Eile ar Theilifís, nuair a eisiatar cláir Leanaí

Le cláir leanaí eisiata, craoladh iomlán de 115 clár Gaeilge/Dátheangach; 83 (nó 72%) ó Luan go hAoine agus 32 (nó 28%) ar an Satharn agus an Domhnach. Tá céatadán Buaic-ama beagánín níos ísle ar laethanta na seachtaine (47%) ach déantar e seo a chothromú ag an deireadh seachtaine le céatadán beagánín níos airde de (53%). Mar a comhairlíodh roimhe seo tugann na figiúirí seo, bunaithe ar chláir atá dírithe ar phobal-lucht de dhaoine fásta d'aois 15+, léiriú níos réalaí ar chraolta buaice / seachbhuaice don Teilifís.

Teilifís, cláir Leanaí Eisiata	Líon na gClár Teilifíse	Céatadán
Laethanta na seachtaine	**83**	
Buaic	39	47%
Seachbhuaic	44	53%
Deireadh Seachtaine	**32**	
Buaic	17	53%
Seachbhuaic	15	47%
Móriomlán	**115**	



4.4 Líon iomlán na gclár - Craoltóirí Gaeilge vs. Craoltóirí Eile (Teilifís/Raidió)



Craoltóir	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Craoltóir Gaeilge	367	277	644
Eile	369	62	431
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Ar sheirbhísí Raidió bhí scoilt chothrom i léiriú clár, le Craoltóirí Gaeilge ag léiriú 50% d'iomlán na gclár, agus 50% á léiriú ag Craoltóirí Eile. Ar sheirbhísí Teilifíse tháinig céatadán i bhfad níos mó de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha (82%) ó Chraoltóirí Gaeilge.

4.5 Líon iomlán na gclár – Athchraoladh vs. Neamh Athchraoladh (Teilifis/Raidió)



Clár Athchraolta?	Raidió	Teilifís	Móriomlán
No/Níl	363	110	473
Yes/Tá	373	229	602
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Bhí uimhir súntasach de chláir athchraolta ar Sheirbhísí Teilifíse agus Raidió araon. Thar sheirbhísí Teilifíse/Raidió le céile, cláir athchraolta ab ea 56% de na Cláir Ghaeilge/Dhátheangacha. Ar sheirbhísí Raidió amháin, cláir athchraolta ab ea 51%. Bhí an céatadán níos airde ar sheirbhísí Teilifíse le 68% de chláir athchraolta.

4.6 Líon iomlán na gclár atá maoinithe le Scéim Fuaime & Físe BAI (Teilifís/Raidió)



F&F-mhaoinithe?	Raidió	Teilifís	Móriomlán
No/Níl	721	300	1021
Yes/Tá	15	39	54
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

As 1,075 clár Gaeilge/Dátheangach a craoladh ar sheirbhísí Teilifíse/Raidió le chéile, dúradh go raibh 54 maoinithe le F&F. Is céatadán iomlán é seo de 5%. Ar sheirbhísí Raidió amháin bhí 2% de chláir maoinithe le F&F. Ar sheirbhísí Teilifíse amháin, bhí 12% de chláir maoinithe le F&F. Ós rud é go ndáiltear íoschéatadán 20%-25% de mhaoiniú Fuaime & Físe ar chláir sa Ghaeilge is céatadáin ísle iad seo de réir cosúlachta, agus is féidir go ndáiltear an mhaoiniú do líon beag tionscadal níos chostasaí.

4.7 Fad Cláir



Tá sé suntasach le tabhairt faoi deara gur gearrchláir (faoi 5 nóiméad) ab ea 306 (28%) de chláir Ghaeilge/Dhátheangacha as iomlán 1075. Is samplaí de chláir den fhad seo iad, gearrmhíreanna siamsaíochta ar cheoltóirí Éireannacha, machnaimh spioradálta, gearrchúntaisí de stair Éireannach/ cultúir agus nathanna Gaeilge. Ar na cláir fhoirme ghearr Teilifíse tá cinnlínte na Nuachta, réamhfhaisnéis na haimsire trí Ghaeilge agus cartúin. Thar iomlán na gclár (Teilifís/Raidió) bhí meánfhad de bheagán thar 40 nóiméad ag na cláir. Bhí meánfhad cláir de 16.3 nóiméad ar Theilifís agus de bheagán thar 51 nóiméad ar Raidió.

4.8 Sprioclucht na gClár



Sprioclucht an chláir	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Adults/Daoine fásta	275	12	287
Children's/Clár do Leanaí	2	224	226
General audience/Lucht ginearálta	372	101	473
Young adults/Aosaigh óga	87	2	89
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Bhí Cláir Ghaeilge/Dhátheangacha ar Raidió dírithe den chuid is mó ar Lucht Éisteachta Ginearálta nó Daoine Fásta; bhí méid an-bheag dírithe ar pháistí óga. A mhalairt a bhí ann maidir le Cláir Ghaeilge/Dhátheangacha ar Theilifís le sprioclucht déanta suas is mó de leanaí óga agus ina dhiaidh sin Lucht Ginearálta agus Daoine Fásta.

4.9 Sprioc leibhéal Gaeilge sna cláir



Sprioc leibhéal Gaeilge	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Beginner/Foghlaimeoir	39	202	241
Fluent speaker/Duine líofa	509	64	573
Intermediate/Idirmheánach	188	73	261
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Do chláir Ghaeilge/Dhátheangacha ar Raidió ba iad Daoine Líofa an sprioc lucht is mó, le Cainteoirí idirmheánacha agus Foghlaimeoirí ina ndiaidh. B'fhéidir go míníonn sé seo an fáth go bhfuil na cláir dírithe den chuid is mó ar Dhaoine Fásta. A mhalairt phatrúin a bhí i gceist maidir le cláir Teilifíse; ba iad Foghlaimeoirí an sprioc lucht is mó do chláir Ghaeilge/Dhátheangacha, le Cainteoirí idirmheánacha agus Cainteoirí líofa ina ndiaidh, rud a léiríonn an céatadán níos mó de chláir atá dírithe ar sprioc luchtanna Ginearálta agus Leanaí.

4.10 Anailís ar Fhormáid Chláir



Formáid Chláir	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Animation/Saothar Beochana		173	173
Documentary/Clár Faisnéise	5	19	24
Drama/Drámaíocht	5	5	10
Education/Oideachas	55		55
Entertainment/Siamsaíocht	419	65	484
Factual/Fíorasach	176	49	225
Lifestyle/Clár nós maireachtála	36	5	41
Other/Eile	23	23	46
Review/Clár léirmheasa	17		17
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Ar chláir Raidió, ba é Siamsaíocht an fhormáid chláir ab fhearr le daoine ar 57%, le Cláir Fhíorasacha (24%) agus Cláir Oideachais (7.5%) ina dhiaidh. Ba é Saothar Beochana an fhormáid chláir ab fhearr le daoine ar chláir Theilifíse ar 51%, agus ina dhiaidh bhí Siamsaíocht (19%) agus Cláir Fhíorasacha (14.5%).

4.11 Anailís ar Sheánra an Chláir

Seánra Cláir	Raidió	Teilifís	Móriomlán
Arts & Culture/Na hEalaíona & An Cultúr	46	4	50
Children's/Clár do Leanaí	2	215	217
Contemporary Society/An tSochaí Chomhaimseartha	128	12	140
History, Heritage/An Stair, An Oidhreacht	32	5	37
Music/Ceol	377	22	399
News & Current Affairs/Nuacht agus Cúrsaí Reatha	108	15	123
Other/Eile	19	16	35
Religion/Clár creidimh	17		17
Science, Nature, Environment/An Eolaíocht, An Dúlra, An Timpeallacht	3	37	40
Sport/Spórt	4	13	17
Móriomlán	**736**	**339**	**1,075**

Ba é Clár do Leanaí an seánra teilifíse ba mhó a raibh éileamh air agus is sa tseánra seo a bhí 63.4% de na cláir Ghaeilge/Dhátheangacha uile. I ndiaidh an tseánra seo bhí Eolaíocht, Dúlra agus Timpeallacht (10.9%) agus Ceol (6.5%).



Maidir le cláir Raidió, ba é an seánra i bhfad ba mhó a bhí éileamh air ná Ceol, ar 51.2% d'iomlán na gclár Gaeilge/Dátheangach. Ina dhiaidh bhí an tSochaí Chomhaimseartha (17.4%) agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha (14.7%).



5. Comhlíontacht

Cé nár bailíodh sonraí i leith na Gaeilge le haghaidh cuspóirí Comhlíontachta, is féidir a thabhairt faoi deara go dearfach as na 60 seirbhís rannpháirteacha atá ceadúnaithe ag BAI, go raibh 50 (83.3%) ag comhlíonadh, nó ag sarú, a ngealltanais i leith na Gaeilge. Bhí cúig stáisiún (8.3%) ag comhlíonadh cuid dá ngeallatanais agus bhí cinn cúig eile (8.3%) nach raibh ag comhlíonadh a ngealltanais agus nár chraol aon chláir Ghaeilge/Dhátheangacha le linn sheachtain an iarratais. Tugann BAI faoi deara na dúshláin a bhíonn ag an earnáil Raidió Pobail, atá ag brath go mór ar oibrithe deonacha, ina thaobh seo, go mór mhór nuair nach bhfuil Láithreoirí atá líofa sa Ghaeilge ar fáil ar laethanta nó seachtain áirithe. Tá BAI ar fáil i gcónaí le haghaidh comhairle/tacaíocht a thairiscint do sheirbhísí pobail má tá deacrachtaí acu le soláthar cláir. Is cúis mholta é go raibh leibhéal ard comhlíontachta le feiceáil thar staisiúin tráchtála.

Mar a dúradh cheana thug an scarbhileog seans do chraoltóirí trácht a dhéanamh ar ghaiscí eile maidir leis an nGaeilge a baineadh amach chomh maith le riachtanais conartha PPS. Tá sé soiléir ó na freagraí seo go bhfuil roinnt mhaith craoltóirí ag déanamh sár-iarrachtaí ar son na Gaeilge, ó "chúpla focal" a fhí isteach i gcláir Bhéarla ar bhonn laethúil, go soláthar clár breise chun an Ghaeilge a chéiliúradh le linn Sheachtain na Gaeilge. Tá comhroinnt cláir le feiceáil freisin, mar shampla, is minic a athchraoltar cláir Raidió na Life ar staisiúin eile.

Maidir le tomhais comhlíontachta i leith Craoltóirí Seirbhísí Poiblí déanann BAI monatóireacht ar chuspóirí CSP trí Ráiteas Bliantúil um Ghealltanais Feidhmíochta na gCraoltóirí a athbhreithniú go bliantúil. Rinne an tÚdarás measúnú ar Ráiteas Bliantúil um Ghealltanais Feidhmíochta TG4 (2019) maidir le sprioclucht, ábhar cláir, agus cothú agus dul chun cinn na Gaeilge agus cultúr Éireannach. Bhí an tÚdarás sásta go raibh na gealltanais i gcomhréir le cuspóirí reachtúla TG4**,** lena Ráiteas Straitéise agus lena Ráiteas Seirbhíse Poiblí.

Bhí dhá sprioc ar leith i gceist i Ráiteas Bliantúil um Ghealltanais Feidhmíochta RTÉ (2019) maidir le feidhmíocht an chraoltóra sa Ghaeilge. Dhírigh an chéad sprioc (Sprioc 4e) ar dhearcadh an phobail i gcoitinne ar RTÉ mar sholáthraí seirbhísí cuimsitheacha do chainteoirí Gaeilge ar an iomlán. Dhírigh an dara sprioc (Sprioc 4f) ar lucht éisteachta seachtainiúl Raidió na Gaeltachta i measc daoine fásta, a chaomhnú. Ar athbhreithniú Ráiteas Bliantúil um Ghealltanais Feidhmíochta RTÉ, bhí an tÚdarás sásta go raibh na gealltanais i gcomhréir le cuspóirí reatha Phlean Straitéiseach RTÉ.

6. Conclúid

Tá BAI buíoch de Chraoltóirí as a gcúnamh leis an Tionscadal seo um Bailiú Sonraí. Bhí leibhéal ard rannpháirtíochta ó chraoltóirí, a chomhoibrigh leis an iarratas le haghaidh sonraí ar chláir Ghaeilge agus taifeadtaí a chur faoi bhráid BAI agus a chomhoibrigh le foireann BAI trí cheisteanna a fhreagairt ina dhiaidh. Go ginearálta bhí méid suntasach oibre iarchúraim ag teastáil, ach tháinig ábhar forbartha as, do BAI agus do na craoltóirí, dá bharr. Ó thaobh BAI, tá meastóireacht ar phróisis déanta, agus cuirfear próisis feabhsaithe i bhfeidhm i gcás iarratais ar bhailiúchán sonraí amach anseo. Ó thaobh na tionsclaíochta de, tá craoltóirí áirithe ar an eolas anois faoi lochtanna i soláthar a ngealltanas i leith cláir Ghaeilge agus ba chóir dóibh modhanna a shainaithint chun na lochtanna seo a laghdú nó a sheachaint amach anseo.

Tá an Tionscadal um Bailiú Sonraí i leith na Gaeilge tiomanta dá stór sonraí a mhéadú agus bunachar eolais a fhorbairt i leith cláir Ghaeilge/Dhátheangacha atá á gcraoladh ag earnáil Teilifís/Raidió na hÉireann, agus do dheiseanna chomh maith le dúshláin a shainaithint. Cé go n-aithnítear go bhfuil an-obair le déanamh chun líon na gclár atá ar fáil sa Ghaeilge a mhéadú, is túsphointe an áisiúil é an Tionscadal agus is foinse iontach sonraí é le haghaidh mionbhreithnithe agus anailíse sa todhcaí.

Aguisín 1 : Liosta de na Stáisiúin Rannpháirteacha Uile

Teilifis/Raidió	Saghas Ábhair/Saghas Seirbhíse	Ainm an Stáisiúin
Teilifís	Seirbhís Phoiblí	RTÉ1
Teilifís	Seirbhís Phoiblí	RTÉ2
Teilifís	Seirbhís Phoiblí	TG4
Teilifís	Seirbhís Phoiblí	RTÉ Jr
Raidió	Seirbhís Phoiblí	RTÉ Radio 1
Raidió	Seirbhís Phoiblí	RTÉ 2FM
Raidió	Seirbhís Phoiblí	RTÉ Raidió na Gaeltachta
Teilifís	Ginearálta	Virgin Media 1
Teilifís	Ginearálta	Virgin Media 2
Teilifís	Ginearálta	Virgin Media 3
Teilifís	Ábhar Pobail	Cork Community TV
Teilifís	Ábhar Pobail	DCTV
Raidió	Ceol Óige	Raidió Rí-Rá
Raidió	Ceol	Classic Hits
Raidió	Ceol Áitiúl	98FM
Raidió	Ceol Óige	Beat 102-103 FM
Raidió	Formáid Leathan	Clare FM
Raidió	Ceol	Cork's 96FM
Raidió	Ceol	C103
Raidió	Ceol Óige	Cork's Red FM
Raidió	Ceol	Dublin's Q102
Raidió	Formáid Leathan	East Coast FM
Raidió	Ceol-Óige	FM104
Raidió	Formáid Leathan	Galway Bay FM
Raidió	Formáid Leathan	Highland Radio
Raidió	Ceol-Óige	iRadio NEM
Raidió	Ceol-Óige	iRadio NW
Raidió	Formáid Leathan	KCLR 96FM
Raidió	Formáid Leathan	KFM
Raidió	Formáid Leathan	Limerick's Live 95 FM
Raidió	Formáid Leathan	LMFM
Raidió	Formáid Leathan	Midlands 103
Raidió	Formáid Leathan	Midwest Radio
Raidió	Caint	Newstalk 106-108FM
Raidió	Formáid Leathan	Ocean FM
Raidió	Formáid Leathan	Radio Kerry
Raidió	Ceol-Ceol Nideoige	Radio Nova
Raidió	Formáid Leathan	Shannonside/Northern Sound FM
Raidió	Formáid Leathan	South East Radio
Raidió	Ceol Óige	Spin 1038
Raidió	Ceol Óige	Spin South West
Raidió	Seirbhís Criostaí Reiligiúnach	Spirit Radio
Raidió	Ceol-Ceol Nideoige	Sunshine106.8
Raidió	Formáid Leathan	Tipp FM
Raidió	Ceol	Today FM

Raidió	Formáid Leathan	WLR FM
Raidió	Ábhar Pobail	Athlone Community Radio
Raidió	Ábhar Pobail	Claremorris Community Radio
Raidió	Ábhar Pobail	Community Radio Castlebar
Raidió	Ábhar Pobail	Community Radio Kilkenny City
Raidió	Ábhar Pobail	Community Radio Youghal
Raidió	Ábhar Pobail	Connemara Community Radio
Raidió	Ábhar Pobail	Dublin City FM
Raidió	Ábhar Pobail	Dublin South FM
Raidió	Ábhar Pobail	Dundalk FM
Raidió	Pobal Sainspéise-Mic Léinn	Flirt FM
Raidió	Pobal Sainspéise-Reiligiúnach	Life FM
Raidió	Ábhar Pobail	Liffey Sound FM
Raidió	Ábhar Pobail	NEAR FM
Raidió	Ábhar Pobail	Phoenix FM
Raidió	Ábhar Pobail	Raidió Corca Baiscinn
Raidió	Ábhar Pobail	Raidió Na Life
Raidió	Ábhar Pobail	Ros FM
Raidió	Ábhar Pobail	Tipperary Mid West Community Radio
Raidió	Pobal Sainspéise-Mic Léinn	UCC 98.3FM
Raidió	Ábhar Pobail	West Limerick 102FM
Raidió	Pobal Sainspéise-Mic Léinn	Wired FM

Aguisín 2 : Sonraí ar Chláir iarrtha ó Chraoltóirí

Iarradh ar chraoltóirí na sonraí seo a leanas a chur ar fail i leith gach Clár Gaeilge/Dátheangach:

Programme Name/Ainm an Chláir	Cuir isteach ainm an chláir
Duration (minutes)/Fad (Noiméid)	Cuir isteach fad an chlaír i nóiméid / páirtnóiméid
Broadcast date/Dáta an Chraolta	Cuir isteach Dáta ó 07/10/2019 go 13/10/2019
Start time/Am tosaigh	Cuir isteach Am tosaigh
End time/Am deiridh	Cuir isteach Am deiridh
Repeat/Athchraoladh	Roghnaigh ó: • Yes/Tá • No/Níl
Language/Teanga	Roghnaigh ó: • Irish only/Lán-Ghaeilge • Bilingual/Dátheangach
Target audience/Sprioclucht spéise	Roghnaigh ó: • Adults/Daoine fásta • Young adults/Aosaigh óga • Childrens/Clár do Leanaí • General audience/Lucht ginearálta
Level of Irish/Leibhéal Gaeilge	Roghnaigh ó: • Fluent speaker/Duine líofa • Intermediate/Idirmheánach • Beginner/Foghlaimeoir
Programme Format/Formáid an Chláir	Roghnaigh ó: • Documentary/Clár Faisnéise • Factual/Fíorasach • Animation/Saothar Beochana • Education/Oideachas • Drama/Drámaíocht • Entertainment/Siamsaíocht • Lifestyle/Clár nós maireachtála • Review/Clár léirmheasa • Other/Eile
Programme Genre/Séanra an Chláir	Roghnaigh ó: • News & Current Affairs/Nuacht agus Cúrsaí Reatha • Sport/Spórt • Arts & Culture/Na hEalaíona & An Cultúr • Music/Ceol • Comedy/Coiméide • Childrens/Clár do Leanaí • Contemporary Society/An tSochaí Chomhaimseartha • History, Heritage/An Stair, An Oidhreacht • Science, Nature, Environment/An Eolaíocht, An Dúlra, An Timpeallacht • Adult or Media Literacy/Litearthacht Aosach nó Litearthacht ó thaobh na Meán

	• Religion/Clár creidimh • Other/Eile
S&V-funded?/Maoinithe ag F&F?	Roghnaigh ó: Yes/Tá No/Níl
Supplementary programming/ Clár breise, e.g. Seachtain na Gaeilge	Tugadh rogha do chraoltóirí sonraí agus taifeadtaí breise a chur isteach maidir le hiarrachtaí breise chun an Ghaeilge a chur chun cinn le linn dátaí eile in 2019. Tugadh faoi deara an méid a bhí le rá ina leith seo. Níor cuireadh sonraí ná fad na gclár seo san áireamh agus iomlán nóiméadaíochta / líon iomlán na gclár á ríomh.